Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**9182/22**

**RECH 247**
**COMPET 347**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | *Ullmhúchán don Chomhairle Iomaíochais an 9 agus an 10 Meitheamh 2022*<br>Tacú le taighdeoirí óga i dtráth géarchéime<br>*Díospóireacht bheartais* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo nóta ón Uachtaránacht maidir le tacú le taighdeoirí óga i dtráth géarchéime mar ullmhúchán don díospóireacht bheartais ag an gComhairle Iomaíochais an 10 Meitheamh 2022.

## TACÚ LE TAIGHDEOIRÍ ÓGA I DTRÁTH GÉARCHÉIME

***Comhthéacs***

Léirigh na géarchéimeanna leanúnacha a bhí ann le blianta beaga anuas gur gá a bheith ullmhaithe níos fearr chun aghaidh a thabhairt orthu, agus a bheith níos gníomhaí sa fhreagairt a thugtar, go háirithe trí thacaíocht lóistíochta agus airgeadais. Buaileadh gach earnáil gníomhaíochta, lena n-áirítear an taighde agus nuálaíocht (T&N), rud a chruthaigh srianta agus bacainní breise, go háirithe ó thaobh gairmeacha de (earcaíocht, fostaíocht, forbairt, acmhainní, etc.). Ní féidir neamhaird a thabhairt ar na deacrachtaí a bhíonn ag taighdeoirí óga tráth géarchéime, toisc, go háirithe, go bhfuil siad ríthábhachtach chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin mhóra dhomhanda an lae inniu agus an lae amárach. Is iad na taighdeoirí óga sin ár n-acmhainneachtaí taighde don todhchaí, ár 'cinn feadhna', agus ar an gcaoi sin, rannchuidíonn siad anois agus rannchuideoidh siad amach anseo lena áirithiú go bhfanfaidh an tAontas Eorpach sa rás domhanda T & N.

I ndáil leis sin, bhí tionchar suntasach ag paindéim COVID-19 ar, i measc nithe eile, thaighdeoirí, go háirithe ar thaighdeoirí óga. Cuireadh moill ar phróisis earcaíochta agus ar thionscadail soghluaisteachta nó cuireadh ar ceal iad. Mar thoradh ar na dianghlasálacha a tháinig i ndiaidh a chéile, dúnadh saotharlanna go hiomlán nó i bpáirt, rud a d'fhág go raibh sé deacair taighde a dhéanamh agus naisc a chruthú ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Bhí ar institiúidí ardoideachais freisin an bealach a n-oibríonn siad a oiriúnú chun a áirithiú go mbeidís in ann a gcúraimí oiliúna agus taighde a dhéanamh le linn géarchéimeanna. Ba cheart na hiarmhairtí meabhairshláinte a chur san áireamh freisin.

Thairis sin, cruthaíonn an éagobhsaíocht pholaitiúil, lena n-áirítear coinbhleachtaí amhail ionradh na Rúise ar an Úcráin i mí Feabhra 2022, níos mó dúshláin fós do thaighdeoirí óga. Bíonn ar chuid acu a dtír a fhágáil agus a dtionscadail taighde a thréigean.

Ar an gcaoi sin, is féidir leis na deacrachtaí sin dochar a dhéanamh do thoilteanas na mac léinn tabhairt faoi chonair dhochtúireachta agus leanúint de, nó tionchar a imirt ar cháilíocht an aschuir eolaíoch agus fíorú an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) ina ngluaisfidh taighdeoirí gan bhac a chur i mbaol. Dá bhrí sin, is bac iad na deacrachtaí sin ar iomaíochas an taighde Eorpaigh ar an leibhéal domhanda.

Chun aghaidh a thabhairt ar na géarchéimeanna sin, ghlac na Ballstáit roinnt beart i réimse an taighde agus na nuálaíochta, agus in earnálacha eile chomh maith, go háirithe in earnálacha amhail beartais shóisialta, fostaíocht agus oideachas freisin.

Mar gheall ar an bpráinn a bhaineann leo, áfach, bíonn ar na Ballstáit tionscnaimh a chur ar bun ar an leibhéal náisiúnta ar dtús, toisc go meastar go minic go bhfuil an creat sin níos lúfaire agus níos solúbtha ar an leibhéal sin; agus is ina dhiaidh sin a dhéantar comhordú ar an leibhéal Eorpach.

Leis na dúshláin sin rompu, ní mór tacaíocht a thabhairt do thaighdeoirí óga le beartais phoiblí ar an leibhéal náisiúnta; mar sin féin, d’fhéadfadh roinnt gníomhaíochtaí a bheith níos éifeachtaí dá ndéanfaí ar an leibhéal Eorpach iad.

Ar bhonn níos leithne, agus lasmuigh de staideanna éigeandála, ba cheart féachaint freisin ar chreat a chomhdhlúthú a chabhródh le taighdeoirí óga a lánpháirtiú ar bhealach níos gasta agus níos inbhuanaithe ina ngairmeacha. I ndáil leis an méid sin, ba cheart féachaint ar, agus forbairt a dhéanamh ar, bhearta a chur chun feidhme a bheadh dírithe go sonrach ar thaighdeoirí óga ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach araon.

Chuige sin, tá roinnt tionscnamh ar siúl faoi láthair ar an leibhéal Eorpach a meastar go mbeidh tionchar dearfacha acu ar ghairmeacha na dtaighdeoirí óga. Mar shampla, as measc 20 gníomhaíocht i gClár Oibre Beartais Straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Taighde, atá i gceangal le conclúidí mhí na Samhna 2021 ón gComhairle maidir le rialachas LET amach anseo, tá gníomhaíocht 4 go háirithe dírithe ar ghairmeacha taighde tarraingteacha agus inbhuanaithe a chur chun cinn, mar shampla trí fhaireachlann um ghairmeacha taighde a sheoladh, bosca uirlisí de bhearta tacaíochta a fhorbairt chun feabhas a chur ar tharraingteacht gairmeacha taighde sa saol acadúil agus taobh amuigh de, nó fiú creat Eorpach do ghairmeacha taighde a fhorbairt, a d’fhéadfaí a thriail ansin trí chomhghuaillíoctaí a chruthú le hollscoileanna Eorpacha faoi chuimsiú tionscadal píolótach.

Beidh tionchar ag a lán de na 19 ghníomhaíocht eile den Chlár Beartais LET ar thaighdeoirí óga freisin. Is amhlaidh atá, mar shampla, i gcás ghníomhaíocht 3, a bhfuil sé d'aidhm aici dul chun cinn a dhéanamh i dtreo athchóiriú ar an gcóras meastóireachta don taighde, do thaighdeoirí agus d'institiúidí. Leis an meastóireacht ar thaighde, ba cheart go mbeifí in ann measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht na dtaighdeoirí (óga) agus ar an taighde chun an cháilíocht agus an tionchar is airde a bhaint amach.

Ina theannta sin, sna conclúidí ón gComhairle maidir le straitéis Eorpach lena gcumhachtaítear institiúidí ardoideachais ar mhaithe le todhchaí na hEorpa, a glacadh i mí Aibreáin 2022, cuirtear i dtreis gur cheart aird ar leith a thabhairt ar mhic léinn agus ar thaighdeoirí óga a raibh tionchar mór ag an bpaindéim ar a gcuid staidéir agus ar a ngairmeacha.

Ar deireadh, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a thugann na haistrithe glasa agus digiteacha, tá gá le caidreamh níos láidre idir an eolaíocht agus an tsochaí, mar a mheabhraítear sna conclúidí ón gComhairle maidir le misin Eorpacha. Ós rud é go bhfuil siad ag an gcomhéadan idir an eolaíocht agus an tsochaí, tá ról láidir le himirt ag taighdeoirí, agus go háirithe taighdeoirí óga, agus iad ag feidhmiú mar 'eiseamláirí' do dhaoine óga. Ina theannta sin, chun go mbeidh na saoránaigh rannpháirteach san eolaíocht, rud atá fréamhaithe i gcoincheap na misean Eorpach, tá gá le hoiliúint sna modhanna oibre nua sin, amhail tionscadail eolaíochta rannpháirtíocha.

Dá bhrí sin, tá gníomhaíocht níos comhordaithe ar an leibhéal Eorpach ríthábhachtach, ní hamháin chun glúine nua taighdeoirí a mhealladh agus a choinneáil amach anseo chun teacht ar réitigh ar dhúshláin shochaíocha, chomhshaoil agus eacnamaíocha, ach tá gá leo freisin chun na bacainní atá os comhair taighdeoirí ó thús a ngairmréime a shainaithint agus a bhaint freisin. Leis an gcomhordú sin, cuirfear chun cinn an fhorbairt ar ghairmeacha taighde atá oiriúnach agus inbhuanaithe, a d'iarr an Chomhairle sna conclúidí uaithi maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde a dhoimhniú: gairmeacha agus dálaí oibre tarraingteacha inbhuanaithe a chur ar fáil do thaighdeoirí agus cúrsaíocht daoine oilte a fhíorú.

***Ceisteanna le plé***

Is mian le hUachtaránacht na Fraince ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh díospóireacht a thionscnamh ar na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na ngéarchéimeanna a bhí ann le déanaí, cad iad na príomhdheacrachtaí a bhí ag taighdeoirí óga go bhfios daoibhse? Cé na bearta nó na cineálacha beart a cuireadh i bhfeidhm i bhur dtírse chun tacú leo?

2. Cad iad na ceachtanna is féidir a fhoghlaim uaidh sin? Cad iad na bearta a mbeadh breisluach ag gabháil leo (i dtéarmaí éifeachtúlachta, lúfaireachta, solúbthachta) dá ndéanfaí iad a chomhordú ar an leibhéal Eorpach?